Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2015**
**(OR. en)**

**14445/15**

**SPORT 67**
**DOPAGE 10**
**SAN 395**
**JAI 909**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 24 Samhain 2015 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13103/15 SPORT 40 DOPAGE 7 SAN 337 JAI 764 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar Rún 2011 maidir le hionadaíocht Bhallstáit an Aontais ar Bhord Forais na Gníomhaireachta Domhanda Frithdhópála (WADA) agus maidir le comhordú a dhéanamh ar sheasaimh an Aontais agus na mBallstát roimh chruinnithe WADA<br>- *Conclúidí ón gComhairle* (24 Samhain 2015*)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar Rún 2011 maidir le hionadaíocht Bhallstáit an Aontais ar Bhord Forais na Gníomhaireachta Domhanda Frithdhópála (WADA) agus maidir le comhordú a dhéanamh ar sheasaimh an Aontais agus na mBallstát roimh chruinnithe WADA, a ghlac na Chomhairle ag an 3428ú cruinniú a bhí aici an 24 Samhain 2015.

# Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar Rún 2011 maidir le hionadaíocht Bhallstáit an Aontais ar Bhord Forais na Gníomhaireachta Domhanda Frithdhópála (WADA) agus maidir le comhordú a dhéanamh ar sheasaimh an Aontais agus na mBallstát roimh chruinnithe WADA

Fógraíonn Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Ionadaithe Rialtais na mBallstát an méid a leanas

AG MEABHRÚ DÓIBH

An Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le hionadaíocht na mBallstát ar Bhord Forais WADA agus maidir le comhordú a dhéanamh ar sheasaimh an Aontais agus na mBallstát roimh chruinnithe WADA, agus, go háirithe, go ndéanfar an méid a foghlaimíodh as cur i bhfeidhm an rúin seo a athbhreithniú faoin 31 Nollaig 2015[1].

AG TABHAIRT DÁ nAIRE AN MÉID SEO A LEANAS

An plé a rinneadh ag Cruinniú Neamhfhoirmiúil na nAirí Spóirt, a tionóladh i Lucsamburg an 6-7 Iúil 2015, mar ar pléadh cur i bhfeidhm an réitigh.

[1] IO C 372, 20.12.2011, lch 7.

TÁ SIAD AR AON INTINN FAOIN MÉID A LEANAS

Gur cheart an córas ionadaíochta agus na socruithe comhordúcháin mar a leagtar amach iad i Rún 2011, a choinneáil ar bun.

AITHNÍONN SIAD GUR CHEART NA hEILIMINTÍ SEO A LEANAS A NEARTÚ:

- rannpháirtíocht rialta Uachtaránacht na Comhairle i gcruinnithe Chomhairle na hEorpa (lena n-áirítear cruinnithe CAHAMA ) agus cruinnithe WADA;

- rannchuidiús córasach ón gCoimisiún le linn do dhréacht-sainordú an Aontais maidir le saincheisteanna a bhaineann le hinniúlacht an Aontais bheith á ullmhú;

- an saineolas eolaíoch i measc na mBallstát agus Uachtaránacht na Comhairle a mhéadú e.g. trí úsáid a bhaint as an líonra saineolaithe neamhfhoirmiúil atá ann cheana;

- cruinnithe comhordúcháin ad hoc agus ar an láthair a fheabhsú chomh maith leis an obair ullmhúcháin a dhéantar in oirchill "chruinnithe an údaráis phoiblí".

AONTAÍONN SIAD AN MÉID A LEANAS

Faoin 31 Nollaig 2018, déanfaidh an Chomhairle agus Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, an méid a foghlaimíodh as cur i bhfeidhm breise Rún 2011 a athbhreithniú agus féachfaidh an gá na socruithe a bhunaítear leis an Rún sin a oiriúnú, má tá.